



CONRADH NICE AGUS AN COINBHINSIÚN MAIDIR LE TODHCHAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Níor éirigh le Conradh Nice an tAontas Eorpach a ullmhú ach i bpáirt do na méaduithe tábhachtacha soir agus ó dheas a tharla an 1 Bealtaine 2004 agus an 1 Eanáir 2007. Dá bhrí sin, trí dhíriú ar cheisteanna arb é Dearbhú Laeken ba shiocair leo, rinne an Coinbhinsiún Eorpach iarracht chun bunús dhlí nua don Aontas a tháirgeadh i gcruth an Chonartha ag bunú Bunreacht don Eoraip. Nuair a dhiúltaíodh dó i reifrinn in dhá Bhallstát, níor daingníodh an conradh sin.

CONRADH NICE

Síníodh an Conradh an 26 Feabhra 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2003.

A. Cuspóirí

Chuir conclúidí na Comhairle Eorpaí in Heilsincí in 1999 ceangal ar AE a bheith in ann, faoi dheireadh 2002, fáilte a chur roimh na tíortha iarrthacha sin a bhí réidh chun aontú leis an Aontas. Ós rud é nach raibh ach dhá cheann de na tíortha iarrthacha ann a raibh daonra acu a bhí níos mó ná meán an daonra i mBallstát ag an tráth sin, bhí tionchar polaitiúil na dtíortha sin ag a bhfuil daonra níos lú ar tí méadú go suntasach. An sprioc a bhí le [Conradh Nice](#) ná institiúidí an Aontais Eorpaigh a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos dlísteanaí agus chun AE a ullmhú dá chéad mhéadú mór eile.

B. An Cúlra

Bhí líon áirithe de shaincheisteanna institiúideacha (ar tugadh “fuílligh Amstardam” orthu) ann ar tugadh aghaidh orthu ag Comhdhálacha Idir-rialtasacha (CIR) Maastricht agus Amstardam ach mar sin féin nár réitíodh go sásúil: Orthu sin bhí méid agus comhdhéanamh an Choimisiúin, ualú na vótaí sa Chomhairle, agus an vótáil trí thromlach cáilithe a leathnú. Ar bhonn tuarascála ó Uachtaránacht na Fionlainne, chinn an Chomhairle Eorpach in Heilsincí go déanach sa bhliain 1999 gur cheart do CIR déileáil leis na fuílligh agus gach athrú eile a bhí de dhíth le bheith ullamh don mhéadú.

C. Clár

D’oscail CIR an 14 Feabhra 2000 agus chríochnaigh sí a cuid oibre in Nice an 10 Nollaig 2000. Tháinig sí ar chomhaontú ar cheisteanna institiúideacha agus ar raon de phointí eile, is iad sin leithdháileadh nua na suíochán i bParlaimint na hEorpa, socruithe níos solúbtha le haghaidh comhar feabhsaithe, faireachán ar chearta bunúsacha agus luachanna in AE, agus córas breithiúnach AE a neartú.



1. Ualú na vótaí sa Chomhairle

Tógtha in éineacht leis an gcóras vótála sa Chomhairle, comhdhéanamh an Choimisiúin agus, go pointe áirithe, leithdháileadh na suíochán i bParlaimint na hEorpa, thuig CIR gurb é an rud ba thábhachtaí ná ualú coibhneasta na mBallstát a athrú, ar ábhar é nár thug aon CIR eile aghaidh air ó aimsir Chonradh na Róimhe.

Breithníodh dhá bhealach chun tromlach cáilithe a shainiú: córas ualaithe nua (a d'athródh an ceann a bhí ann cheana) nó tromlach déach (de na vótaí agus an daonra) a chur i bhfeidhm. Is é an Coimisiún a mhol an dara réiteach sin agus d'fhormhuinigh an Pharlaimint é. Roghnaigh CIR an chéad rogha. Méadaíodh líon na vótaí do gach Ballstát, ach laghdaíodh an sciar a bhí ag na Ballstáit a bhfuil na daonraí is mó acu: roimhe sin ba é sin 55% de vótaí, ach thit sé go 45% nuair a chuaigh na 10 mBallstát nua isteach san Aontas agus go 44.5% an 1 Eanáir 2007. Sin an fáth ar tugadh 'líontán sábhála' déimeagrafach isteach: féadfaidh Ballstát a iarraidh go bhfiordheimhneofar gur 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais an tromlach cáilithe. Murab amhlaidh an cás, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht.

2. An Coimisiún

a. Comhdhéanamh

Ó 2005 i leith, tá an Coimisiún comhdhéanta d'aon Choimisinéir amháin in aghaidh an Bhallstáit. Tá sé de chumhacht ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, cinneadh a dhéanamh maidir le líon na gCoimisinéirí agus ar shocruithe i gcomhair córas uainíochta, ar choinníoll go léiríonn gach Coimisiún raon déimeagrafach agus geografach na mBallstát.

b. Eagar inmheánach

Tugann Conradh Nice an chumhacht d'Uachtarán an Choimisiúin freagrachtaí a leithdháileadh ar na Coimisinéirí agus iad a athshannadh le linn a théarma nó a téarma oifige, chomh maith leis an gcumhacht Leas-Uachtaráin a roghnú agus líon na Leas-Uachtarán a chinneadh.

3. Parlaimint na hEorpa

a. Comhdhéanamh

Shocraigh Conradh Amstardam gurb é 700 an líon uasta d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa (FPEnna). Ag a cruinniú in Nice, shíl an Chomhairle Eorpach gur ghá, agus iad ag féachaint do mhéadú ar an Aontas, líon na FPEnna do gach Ballstát a athbhreithniú. Baineadh feidhm freisin as comhdhéanamh nua na Parlaiminte chun cúiteamh a dhéanamh ar ualú athraithe na vótaí sa Chomhairle. Socraíodh dá bharr sin 732 mar líon uasta na FPEnna.

b. Cumhachtaí

Cumasaíodh an Pharlaimint, amhail an Chomhairle, an Coimisiún, agus na Ballstáit, chun agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh gníomhartha ón gComhairle, ón gCoimisiún nó ón mBanc Ceannais Eorpach ar bhonn easpa inniúlachta, sárú ar cheanglas nós imeachta bunriachtanach, sárú ar an gConradh nó ar aon riail dlí a bhaineann lena chur i bhfeidhm, nó mí-úsáid cumhachtaí.



Ag leanúint as togra ón gCoimisiún, tiontaíodh Airteagal 191 go bunús dlí oibríochtúil maidir le rialacháin a rialaíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal AE agus rialacha i dtaca lena maoiniú a ghlacadh, faoin nós imeachta comhchinnteoireachta.

Méadaíodh cumhachtaí reachtóireachta na Parlaiminte trí raon feidhme an nós imeachta comhchinnteoireachta a fhairsingiú beagán agus trí aontú na Parlaiminte a bheith riachtanach chun comhar feabhsaithe i réimsí atá cumhdaithe ag an gcomhchinnteoireacht a bhunú. Caithfear tuairim na Parlaiminte a iarraidh freisin má roghnaíonn an Chomhairle seasamh a ghlacadh maidir le riosca a bhaineann le sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha i mBallstát.

4. Athchóiriú ar an gcóras breithiúnach

a. Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Tugadh cumhacht don Chúirt Bhreithiúnais suí ar roinnt bhealaí éagsúla: i ndlísheomraí (a mbíonn trí nó cúig bhreitheamh inti), Mór-Dhlísheomra (11 breitheamh) nó mar Chúirt iomlán. Féadfaidh an Chomhairle, ag feidhmiú di d'aon ghuth, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú. Choinnigh Cúirt Bhreithiúnais AE a dlínse ar cheistanna a tharchuirtear chuici chun go ndéanfaí réamhrialú orthu, ach bhí sí in ann, faoina Reachta, cineálacha ábhair eile seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 225 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a tharchur chuig an gCúirt Chéadchéime.

b. An Chúirt Ghinearálta

Méadaíodh cumhachtaí na Cúirte Ginearálta (an Chúirt Chéadchéime roimhe seo sular tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009) ionas go gcuirfí catagóirí áirithe de réamhrialuithe san áireamh iontu, leis an bhféidearthacht go mbunófaí painéil bhreithiúnacha le cinneadh d'aontoil ón gComhairle. Ina dhiaidh sin, leagadh amach sa Chonradh féin na forálacha oibríochta uile sin, go háirithe maidir le cumhachtaí na Cúirte.

5. Nósanna imeachta reachtacha

Cé gur ghá as sin amach vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle a dhéanamh ar líon suntasach de bheartais agus de bhearta nua (27), níor leathnaíodh an chomhchinnteoireacht ach amháin go dtí líon beag de mhionréimsí (a bhí cumhdaithe ag sean-Airteagail 13, 62, 63, 65, 157, 159 agus 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh); do ghnóthaí a bhí cumhdaithe ag sean-Airteagal 161, bhí aontú de dhíth feasta.

6. Comhar feabhsaithe

Amhail Conradh Amstardam, bhí forálacha ginearálta i gConradh Nice a raibh feidhm acu maidir le gach réimse den chomhar feabhsaithe agus forálacha sonracha a raibh feidhm acu maidir leis an gcolún lena mbaineann. Cé gur fhoráil Conradh Amstardam do chomhar feabhsaithe faoin gcéad agus an tríú cholún amháin, chuimsigh Conradh Nice gach ceann de na trí cholún.

Rinne Conradh Nice tuilleadh athruithe: níor rogha é a thuilleadh tarchur chuig an gComhairle Eorpach, rinneadh soiléiriú ar an gcoincheap 'tréimhse ama réasúnta', agus bhí aontú na Parlaiminte de dhíth feasta i ngach réimse inar bhain comhar feabhsaithe le ceist a bhí cumhdaithe ag an nós imeachta comhchinnteoireachta.



7. Cosaint ar chearta bunúsacha

Cuireadh mír le hAirteagal 7 de Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a chumhdódh cásanna nár tharla sárú soiléir ar chearta bunúsacha go hiarbhrí iontu ach go raibh 'baol soiléir' ann go dtarlóidh sé. Suíonn an Chomhairle, ag gníomhú di le tromlach de cheithre chúigiú dá comhaltaí agus tar éis aontú na Parlaiminte a fháil, gurb ann don bhaol agus seolann sí moltaí iomchuí chuig an mBallstát i dtrácht. Fógraíodh Cairt um Chearta Bunúsacha nach bhfuil ceangailteach.

D. Ról Parlaimint na hEorpa

Mar a tharla ag comhdhála eile roimhe sin, bhí an Parlaimint rannpháirteach go gníomhach in ullmhúchán do CIR in 2000, ag tabhairt le fios a tuairimí maidir le clár na comhdhála agus a dul chun cinn agus a cuspóirí^[1]. Chuir an Parlaimint a tuairim in iúl freisin maidir le substaint agus impleachtaí breithiúnacha na Cairte um Chearta Bunúsacha. D'áitigh an Parlaimint gur cheart go mbeadh an chéad CIR eile trédhearcach, agus go mbeadh páirt ag feisirí Eorpacha agus náisiúnta agus ag an gCoimisiún inti, chomh maith le hionchur ó na gnáthdhaoine, agus cibé doiciméad a chruthódh an Chomhdháil gur cheart go mbeadh cuma bhunreacht uirthi.

COINBHINSIÚN AR THODHCHAÍ NA HEORPA

A. Bunús agus cuspóirí

I gcomhréir le Dearbhú Uimh. 23 atá i gceangal le Conradh Nice, shocraigh an Chomhairle Eorpach a tháinig le chéile in Laeken an 14 agus an 15 Nollaig 2001 Coinbhinsiún a eagrú a thabharfadh le chéile na príomhpháirtithe lena mbaineann le haghaidh díospóireacht ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh. Ba iad na cuspóirí a bhí ann ná an chéad CIR eile a ullmhú chomh trédhearcach is ab fhéidir agus chun aghaidh a thabhairt ar na ceithre phríomh-shaincheist maidir le forbairt AE: roinnt níos fearr ar inniúlachtaí; simpliú ar na hionstraimí atá ag AE chun gníomhaíocht a dhéanamh; an daonlathas, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a mhéadú; agus bunreacht do shaoránaigh na hEorpa a dhréachtú.

B. Eagar

Bhí an Coinbhinsiún comhdhéanta de chathaoirleach (Valéry Giscard d'Estaing), beirt leas-chathaoirleach (Giuliano Amato agus Jean-Luc Dehaene), 15 ionadaí de chinn stáit nó rialtais na mBallstát, 30 feisire ó pharlaimintí náisiúnta (beirt ó gach Ballstát), 16 Fheisire Eorpach agus beirt chomhaltaí den Choimisiún. Ghlac tíortha a rinne iarratas dul isteach san Aontas páirt freisin sa díospóireacht ar chomhcheim leis na Ballstáit, ach ní raibh cead acu bac a chur ar aon chomhdhearcadh a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na Ballstáit. Dá bhrí sin, bhí 105 chomhalta san iomlán ag an gCoinbhinsiún.

Chomh maith leis an gcathaoirleach agus na leaschathaoirligh, bhí Praesidiam ann a bhí comhdhéanta de naonúr comhaltaí den Choinbhinsiún agus ionadaí arna roghnú

[1]Rún ó Parlaimint na hEorpa maidir le Conradh Nice agus todhchaí an Aontais Eorpaigh, 31.5.2001 ([IO C 47E, 21.2.2002, lch. 108](#)).

Rún ó Parlaimint na hEorpa maidir le hullmhú an athchóirithe ar na Conarthaí agus an chéad Comhdháil Idir-rialtasach eile, 18.11.1999 ([IO C 189, 7.7.2000, lch. 222](#)).



ag na tíortha iarrthacha ar tugadh cuireadh dóibh. An ról a bhí ag an bPraesaidiam ná dlús a chur leis an gCoinbhinsiún agus bunús a thabhairt dó ar a bhféadfadh sé oibriú.

C. An toradh

Seo mar a bhí obair an Choinbhinsiúin^[2]: ‘céim éisteachta’, a raibh sé mar chuspóir aige na nithe a bhí na Ballstáit agus saoránaigh Eorpacha ag trúth leo agus a gcuid riachtanas a shainaithe, céim ina ndearnadh staidéar ar na smaointe a cuireadh in iúl, agus céim inar dréachtaíodh moltaí bunaithe ar éirim na díospóireachta. Ag deireadh na bliana 2002, thíolaic 11 mheitheal a dtorthaí don Choinbhinsiún. Le linn an chéad leath de 2003, tharraing an Coinbhinsiún suas agus rinne sé plé ar théacs a tháinig chun bheith ina dhréacht-Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip^[3].

Leagadh Cuid I den Chonradh (prionsabail agus institiúidí; 59 n-airteagal) agus Cuid II (an Chairt um Chearta Bunúsacha; 54 airteagal) roimh an gComhairle Eorpach a tháinig le chéile in Thessaloniki an 20 Meitheamh 2003. Cuireadh Cuid III (beartais; 338 n-airteagal) agus Cuid IV (forálacha críochnaitheacha; 10 n-airteagal) i láthair Uachtaránacht na hIodáil an 18 Iúil 2003. Ghlac an Chomhairle Eorpach ina dhiaidh sin an téacs seo an 18 Meitheamh 2004. Choinnigh sí comhdhéanamh bunúsach an dréachta ón gCoinbhinsiún, ach le líon mór de leasuithe ann. D’fhorghabh Parlaimint na hEorpa an Conradh^[4], ach, ina dhiaidh sin, dhiúltaigh an Fhrainc (29 Bealtaine 2005) agus an Ísiltír (an 1 Meitheamh 2005) dó i reifrinn náisiúnta. Mar thoradh ar dhá reifreann sa Fhrainc agus san Ísiltír a raibh ‘níl’ mar thoradh orthu, níor cuireadh i gcrích an nós imeachta maidir le daingniú an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip.

D. Ról Pharlaimint na hEorpa

Shíl formhór na ndaoine a bhí ag faire an Choinbhinsiúin Eorpaigh agus é i mbun oibre, go raibh an tionchar a d’imir na Feisirí Eorpacha cinntitheach. A bhuíochas le tosca éagsúla, lena n-áirítear a dtaithe caibidliú a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus ós rud é gur reáchtáladh cruinnithe an Choinbhinsiúin ar áitreabh na Parlaiminte, d’éirigh leis na FPEanna tionchar láidir a imirt ar na díospóireachtaí agus ar thoradh an Choinbhinsiúin. Bhí baint mhór acu freisin i mbunú na bhfiní polaitiúla ina bhfuil Feisirí Eorpacha agus feisirí náisiúnta. Ar an dóigh sin, ghnóthaigh an Pharlaimint cuid mhór dá cuspóirí bunaidh, agus tá an chuid is mó de sin coimircithe anois i gConradh Liospóin.

Ina Sokolska
11/2019

[2]<https://www.europarl.europa.eu/comparl/conv/default.htm>

[3]Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip ([IO C 310, 16.12.2004, Ich. 1](#)).

[4]Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip ([IO C 247E, 6.10.2005, Ich. 88](#)).

